Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018
(OR. en)

6418/18

COASI 38
ASIE 9
CFSP/PESC 167
RELEX 148
COHOM 31
COHAFA 11
CIVCOM 22
ONU 15

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6119/18 |
| Ábhar: | Maenmar/Burma<br>– Conclúidí ón gComhairle (26 Feabhra 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir le Maenmar/Burma, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3598ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma**

1. Bhreathnaigh an Chomhairle ar an staid i Maenmar/Burma, go háirithe i Stát Rakhine, áit a bhfuil cúrsaí thar a bheith tromchúiseach fós. Cáineann an Chomhairle na sáruithe córasacha tromchúiseacha atá ar siúl i gcónaí go forleathan ag fórsaí míleata agus slándála Mhaenmar/Burma, lena n-áirítear éigniú agus marú. Cuireann sí in iúl an athuair freisin go gcáineann sí na hionsaithe atá déanta ag Arm Slánaithe Arakan Rohingya (ARSA) agus ag grúpaí míleata eile.

2. Theith níos mó ná 680 000 duine, ar de phobal Rohingya den chuid is mó iad, óna mbailte i Stát Rakhine chun tearmann a lorg sa Bhanglaidéis. Molann an tAontas an Bhanglaidéis as dídean a chur ar fáil do na daoine sin agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cur cabhair dhaonnúil agus eile ar fáil, i gcomhréir lena rannpháirtíocht fhadtéarmach agus leis na gealltanais a thug sé le linn na comhdhála deontóirí a rinne sé a chomh-óstáil sa Ghinéiv ar an 23 Deireadh Fómhair 2017.

3. Ag meabhrú saincheisteanna tosaíochta a leagtar amach sna conclúidí uaithi an 16 Deireadh Fómhair 2017, cáineann an tAontas go géar na sáruithe leanúnacha ar chearta an duine, timpeallacht na heagla, an éiginnteacht, an tsaoirse ó phionóis agus an easpa smachta reachta atá i réim i gcónaí i Stát Rakhine as a n-eascraíonn tuilleadh sreafaí dídeanaithe chun na Banglaidéise, cé gur líon níos lú ná roimhe seo atá i gceist, agus cáineann an tAontas freisin go bhfuil bac fós ann ar rochtain dhaonnúil, forbartha agus na meán ar Stát Rakhine. Cuireann an tAontas i bhfáth tábhacht an treochláir a bhunaigh Ráiteas Uachtaránachta CSNA an 6 Samhain 2017 maidir leis an ngéarchéim a réiteach agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tabhairt faoin tsaincheist leis na Náisiúin Aontaithe agus le príomh-gheallsealbhóirí idirnáisiúnta

4. Is díol sásaimh don Aontas gur shínigh rialtas Mhaenmar/Burma agus rialtas na Banglaidéise na socruithe dar teideal *Arrangement on return of displaced persons from Rakhine* [Socrú maidir le filleadh daoine easáitithe ó Rakhine] (23 Samhain 2017) agus *Physical arrangement for repatriation of displaced Myanmar residents from Bangladesh* [Socrú fisiciúil d'aisdúichiú cónaitheoirí easáitithe Mhaenmar ón mBanglaidéis] (16 Eanáir 2018) mar chéad chéimeanna an-tábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na ndídeanaithe atá ar siúl. Iarrann an tAontas ar an dá pháirtí UNHCR a chomhcheangal go hiomlán leis an bpróiseas agus faireachán neamhspleách a cheadú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na socruithe sin chun feidhme go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

5. Tathantaíonn an tAontas ar Mhaenmar/Burma dálaí a chruthú le haghaidh filleadh deonach, sábháilte, díniteach daoine easáitithe ar a ndúiche féin. Ní foláir aird ar leith a thabhairt ar an ngá le cosaint mhéadaithe a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil mná i bhfeighil orthu, d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh nó an fhoréigin inscne-bhunaithe agus do leanaí, lena n-áirítear mionaoisigh agus dílleachtaí gan tionlacan. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do rialtas Mhaenmar/Burma measúnú dian ar riachtanais a dhéanamh i Stát Rakhine agus plean gníomhaíochta am-theoranta a bhunú maidir le cur chun feidhme iomlán mholtaí an choimisiúin chomhairligh ar Stát Rakhine chun na dálaí maireachtála agus staid chearta an duine ansin a fheabhsú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist i ndáil le slándáil fhisiciúil, daoine gan stát agus idirdhealú i gcoinne phobal Rohingya. Tá rochtain ar dhídean, ar sheirbhísí agus ar shlite beatha bunriachtanach d'fhillí mar aon le hathshlánú ceart a chur ar fáil d'íospartaigh, go háirithe do mhná agus beidh maolú ar na srianta reatha ar Stát Rakhine ag teastáil leis sin a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil rún ag rialtas Mhaenmar/Burma tabhairt faoi chéimeanna chun campaí daoine easáitithe ina dtír féin a dhúnadh i lár Stát Rakhine agus cuireann sé i dtreis a thábhachtaí atá próiseas cuimsitheach, trédhearcach comhairleach i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta. Ba cheart do Mhaenmar/Burma staonadh ó champaí nua a bhunú do dhaoine easáitithe ina dtír féin le haghaidh fillí ón mBanglaidéis.

6. Ag tabhairt dá aire gur admhaigh fórsaí míleata Mhaenmar go ndearna siad roinnt maruithe seachbhreithiúnacha, tá súil ag an Aontas go gceadóidh rialtas Mhaenmar/Burma agus na fórsaí armtha imscrúduithe inchreidte neamhspleácha ar sháruithe líomhnaithe tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine a thuairisc comhlachtaí éagsúla NA, Misean Aimsithe Fíoras Chomhairle NA um Chearta an Duine (CCD) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ní foláir déantóirí na gcoireanna sin a thabhairt os comhair na cúirte gan mhoill. I gcomhréir le rúin ábhartha an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta NA (16 Samhain 2017) agus CCD (5 Nollaig 2017), iarrann an tAontas ar rialtas Mhaenmar/Burma an athuair obair a dhéanamh i gcomhar le misean aimsithe fíoras CCD agus rochtain iomlán a cheadú dó ar Mhaenmar d'fhonn imscrúdú ceart a dhéanamh agus tuairimí phobail uile Stát Rakhine á gcur san áireamh.

7. Tá aiféala mór ar an Aontas gur chinn Maenmar/Burma deireadh a chur lena chomhar le rapóirtéir Speisialta NA maidir le cearta an duine i Maenmar ar an 20 Nollaig 2017. Tacaíonn an tAontas go hiomlán le rapóirtéir speisialta NA agus iarrann sé ar rialtas Mhaenmar/Burma teacht ar mhalairt cinnidh. Ós rud é go bhfuil na coireanna líomhnaithe in aghaidh an chine dhaonna chomh tromchúiseach sin, iarrann an tAontas ar Mhaenmar/Burma bheith ina pháirtí i Reacht na Róimhe nó glacadh le feidhmiú dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Reacht na Róimhe.

8. Cuireann an tAontas in iúl an athuair freisin gur cúis mhór imní dó go bhfuil staid chearta an duine agus na slándála ag dul in olcas i gcónaí i Stáit Kachin agus Shan, áit ina bhfuil méadú ag teacht ar chomhraic , tuairiscí ar thaismigh shibhialtacha agus níos mó ná 100 000 duine atá easáitithe ina dtír féin, ar daoine thar a bheith leochaileach iad an-chuid díobh siúd. Meabhraíonn an tAontas nach mór do gach páirtí sa choinbhleacht rochtain dhaonnúil phras gan bhac a éascú do shibhialtaigh atá i ngátar.

9. Tá an tAontas ag tnúth leis an gceathrú seisiún den Idirphlé faoi Chearta an Duine idir an tAontas agus Maenmar a mbeidh a Ionadaí Speisialta le haghaidh chearta an duine i gceannas air thar ceann an Aontais, ar seisiún é atá beartaithe don 5 Márta 2018, d'fhonn plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, lena n-áirítear saoirse nochta tuairimí agus saoirse na meán, an staid i Stáit Rakhine, Kachin agus Shan agus comhar idir Maenmar/Burma agus sásra agus nósanna imeachta speisialta chearta an duine de chuid na Náisiún Aontaithe.

10. Athdhearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go bhfuil rún daingean acu tacú le haistriú Mhaenmar/Burma chuig an daonlathas, lena phróiseas síochána agus athmhuintearais náisiúnta agus lena fhorbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas réidh chun i) dlús a chur lena chabhair dhaonnúil, de réir mar is gá; ii) an nasc idir earnáil na daonnúlachta agus na forbartha a chur chun gnímh tuilleadh, ag díriú ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha mar aon le hatógáil, bonneagar seirbhísí agus athshlánú slite beatha i Stát Rakhine agus i limistéir eile ina bhfuil coinbhleacht; iii) tacú le cur chun feidhme mholtaí an choiste chomhairligh maidir le Stát Rakhine; agus iv) leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bpróiseas síochána agus athmhuintearais náisiúnta agus le hathchóirithe leantacha, lena n-áirítear in earnáil an oideachais. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ról láidir ag UNHCR sa phróiseas um aisdúichiú na ndídeanaithe agus go rachadh rialtas Mhaenmar/Burma i ngleic leis na bunchúiseanna chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim phobal Rohingya ar bhealach inbhuanaithe.

11. Iarrann an tAontas ar rialtas Mhaenmar/Burma agus ar na fórsaí slándála a áirithiú go mbeidh an tslándáil, an smacht reachta agus cuntasacht i réim i Stáit Rakhine, Kachin agus Shan. I bhfianaise úsáid dhíréireach na láimhe láidre agus sáruithe forleathana córasacha tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne na fórsaí míleata agus slándála lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscne-bhunaithe agus marú agus an claonadh i gcónaí i bhfabhar saoirse ó phionós, timpeallacht na heagla agus na héiginnteachta i Stát Rakhine, dearbhaíonn an Chomhairle gurb ábhartha an trádbhac ar airm agus ar threalamh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach agus iarrann sí ar an Ardionadaí a mholadh go gcuirfí síneadh leis an trádbhac sin agus roghanna nithiúla a thíolacadh chun é a neartú gan mhoill. Maidir le comhar praiticiúil cosanta le Maenmar/Burma, tá sé i gceist ag an Aontas agus ag a chuid Ballstát an comhar sin a íoslaghdú agus é mar chuspóir aonair acu prionsabail an daonlathais, urraim do chearta an duine agus an smacht reachta a neartú.

12. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí moltaí a dhéanamh le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe gan mhoill i gcoinne oifigigh mhíleata shinsearacha d'fhórsaí armtha Mhaenmar (Tatmadaw) atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine.

13. Meabhraíonn an Chomhairle gur cuid ríthábhachtach de bheartas trádála an Aontais é cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú agus tá sé mar bhonn agus mar thaca le fabhair thrádála a dheonú do Mhaenmar faoi "Gach Ní seachas Airm". Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh ag déanamh faireacháin ar an staid agus dlús a chur leis an rannpháirtíocht le Maenmar i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.